Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11097 – ROCKY / CENTERBRIDGE / INDUS REIT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 138/06)

1. An 13 Aibreán 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Rocky Industrial LLC ("Rocky", na Stáit Aontaithe), faoi rialú GIC (Realty) Private Limited ("GIC Realty", Singeapór),

— Centerbridge Partners, L.P. ("Centerbridge", na Stáit Aontaithe),

— INDUS Realty Trust, Inc. ("INDUS", na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Rocky agus Centerbridge rialú comhpháirteach ar INDUS de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is fochuideachta indíreach ag GIC Realty é Rocky atá bunaithe i Singeapór agus a dhíríonn ar úinéireacht sócmhainní eastáit réadaigh thar ceann rialtas Shingeapór. Tá gníomhaíochtaí Rocky teoranta do na Stáit Aontaithe.

— Is gnólacht bainistíochta infheistíochta é Centerbridge, a infheistíonn i gcuideachtaí ar fud an domhain. Baineann Centerbridge úsáid as cur chuige solúbtha ar fud disciplíní infheistíochta — ó chothromas príobháideach go creidmheas agus straitéisí gaolmhara, agus réadmhaoin — d'fhonn na deiseanna is tarraingtí a aimsiú dá infheisteoirí agus dá chomhpháirtithe gnó.

— Is gnó réadmhaoine é INDUS atá ag gabháil do mhaoin thionsclaíoch agus lóistíochta ar ardchaighdeán a fhorbairt, a fháil, a bhainistiú agus a léasú sna Stáit Aontaithe. Is cuideachta atá liostaithe go poiblí agus atá liostaithe ar stocmhalartán NASDAQ é INDUS.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11097 – ROCKY / CENTERBRIDGE / INDUS REIT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË